Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Eanáir 2021
(OR. en)

5344/21

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2020/0348(NLE)**
**2020/0319(NLE)**

VISA 15
COAFR 13
MIGR 14

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | a) An Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí gearrfhanachta le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh den Aontas Eorpach<br>– Glacadh<br>b) An Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe chéanna<br>– Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 9 Nollaig 2020, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí gearrfhanachta le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh den Aontas Eorpach[1], mar aon le dréacht-téacs den Chomhaontú sin san iarscríbhinn a ghabhann leis an togra sin[2], agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe chéanna[3].

[1] 13864/20 VISA 136 COAFR 367 MIGR 172.
[2] 13864/20 VISA 136 COAFR 367 MIGR 172 ADD 1.
[3] 13865/20 VISA 137 COAFR 368 MIGR 173.

2. An 16 Nollaig 2020, tháinig Comhairleoirí CGB ar chomhaontú maidir leis na tograí sin.

3. Is é atá sa Chinneadh maidir le síniú forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002; Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach ina ghlacadh agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

4. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

5. Chuir na dlítheangeolaithe an Cinneadh maidir le síniú agus téacs an chomhaontaithe in eagar. Leagtar amach iad in 5033/21 VISA 1 COAFR 4 MIGR 1 agus 5035/21 VISA 3 COAFR 6 MIGR 3 faoi seach.

   Chuir na dlítheangeolaithe an Cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe chéanna in eagar freisin. Leagtar amach in 5034/21 VISA 2 COAFR 5 MIGR 2 an téacs a cuireadh in eagar.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle:

   a) an Cinneadh maidir le síniú mar a leagtar amach in 5033/21 é a ghlacadh mar ítim 'A' ar chlár oibre ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo;

   b) a chinneadh an dréacht-Chinneadh maidir le tabhairt i gcrích mar a leagtar amach in 5034/21 é a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil ach a síneofar an comhaontú go cuí.

   Foilseofar an Cinneadh maidir le síniú san Iris Oifigiúil i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.